An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Ó Am go hAm

Patricia Forde

Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Eolas faoin Leabhar

An tÚdar: Patricia Forde

Maisitheoir: Lauren O'Neill

Patricia Forde

Scríobhann Patricia Forde leabhair do dhaoine óga i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an-chuid leabhar scríofa aici, leabhair pictiúr agus leabhair do pháistí óga agus do dhéagóirí. Is í Laureate na nÓg i mbliana í agus tá sí ag obair le Comhairle na nEalaíon agus le Leabhair Pháistí Éireann chun leabhair do pháistí a chur chun cinn agus chun léitheoireacht a spreagadh.

Clúdach an Leabhair

Sula léann tú an blurba ar an gclúdach cúil, féach ar an bpictiúr ar an gclúdach tosaigh. Cad é ábhar an scéil seo, dar leat?

Léigh an cur síos atá ar chúl an leabhair. An leor an blurba sin le tuiscint a thabhairt do léitheoirí ar ábhair an leabhair?

Cén cineál scéil a bhfuil tú ag súil leis? Scéal eachtrúil? Scéal brónach?

Faoin Leabhar:

Is scéal staire agus scéal amthaistil atá sa leabhar seo. An bhfuil scéalta eile den chineál seo léite agat i nGaeilge, i mBéarla nó i dteanga eile? Cad iad? Ar thaitin siad leat?

An bhfuil aon eolas agat ar na Lochlannaigh agus ar a dteacht i dtír in Éirinn?

Téamaí an Leabhair:

Draíocht/ Amthaisteal: Tá draíocht ag baint leis an scéal seo nuair a thugann Aoife cuairt ar an tseanmhainistir agus nuair a théann sí siar in am go dtí an bhliain seacht gcéad nócha naoi.

Cairdeas: Tá cairdeas idir Aoife agus Éanna agus tugann sé cabhair agus aire di.

Teannas: Tá teannas sa scéal seo, tá Aoife ag iarraidh filleadh ar an aonú haois is fiche agus ar a teaghlach agus a cairde.

Cuid a hAon

Cén post atá ag máthair Aoife? Cad a dhéanann duine a bhfuil an post sin aige?

Cad a tharlaíonn idir Aoife agus na buachaillí? Cén fáth a bhfuil siad leis an oíche a chaitheamh sa tseanmhainistir?

Le plé sa rang:

Cén post ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas?

An dóigh leat gur post maith é an post atá ag máthair Aoife? An dtaitneodh an post sin leat? Cén fáth?

Cuid a Dó

Cúpla ceist faoin téacs:

An réitíonn Aoife lena deartháir Ruadhán? An bhfuil deartháir nó deirfiúr níos óige agat? An réitíonn sibh le chéile? An bhfuil na caithimh aimsire céanna agaibh, nó an bhfuil siad éagsúil?

Le plé sa rang:

An dóigh leat go bhfuil an ceart ag Aoife dul go dtí an mhainistir? An ndéanfá an rud céanna nó a mhalairt?

Cuid a Trí

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a thugann Aoife faoi deara nuair a mhúsclaíonn sí an mhaidin dár gcionn?

Cuireann an Bráthair Liam é féin in aithne d'Aoife. Cén t-ainm a thugann sé ar Aoife?

Cén míniú atá ag an mBráthair Liam maidir le hAoife/ Fionn bheith chomh ciúin sin? (lch. 15).

Cén bhliain é?

Le plé sa rang:

An gcreideann tú in amthaisteal? An dóigh leat go bhféadfadh a leithéid tarlú? Cén tréimhse ama ar mian leat féin taisteal siar chuici?

Cuid a Ceathair

Cúpla ceist faoin téacs:

Déan cur síos ar an gcairdeas idir Aoife/ Fionn agus Éanna.

Cén áit ar féidir le hAoife dul le teacht ar réiteach na faidhbe agus ar thuiscint níos fearr ar an saol agus ar an mbrionglóid seo? Cad é do mheas?

Cuid a Cúig

Cúpla ceist faoin téacs:

Déan cur síos ar na bealaí atá ag na manaigh leis na pictiúir a dhathú.

Cén chúis atá ag Aoife/Fionn bheith chomh imníoch sin?

Cad a tharlaíonn idir Éanna agus Fionn ag deireadh na caibidle?

Cad a tharlaíonn idir Éanna agus Aoife ag deireadh na caibidle?

Le plé sa rang:

An bhfaca tú lámhscríbhinn riamh? Cad iad na lámhscríbhinní is cáiliúla atá againn anseo in Éirinn? Cá háit a gcoinnítear iad? Cén fáth?

Cuid a Sé

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén cruthúnas atá ag Aoife gur tháinig sí ón todhchaí? An gcreideann Éanna í?

Cad a insíonn Aoife d'Éanna faoin todhchaí?

Le plé sa rang:

Cad iad na ceisteanna a chuirfeá ar dhuine ón mbliain seacht gcéad nócha naoi (éadaí, bia, lóistín, caitheamh aimsire).

Cad iad na ceisteanna a chuirfeá ar dhuine ón todhchaí dá dtiocfadh siad siar go dtí an bhliain seo?

Cuid a Seacht

Cúpla ceist faoin téacs:

Tá na Lochlannaigh ag teacht chun ionsaí a dhéanamh ar an mainistir. An bhfuil aon eolas agat ar na Lochlannaigh? An bhfuil iarsmaí/ fothracha staire i do cheantar féin? Má tá, cén tréimhse ama lena mbaineann siad?

Cad é an plean atá ag Aoife le cabhrú leis na manaigh agus leis an mainistir? (lch. 36)

Le plé sa rang:

Cén leigheas a thugtar don fhear bocht atá ag fulaingt? (lch. 34) An bhfuil aon eolas agat ar leigheas nó ar luibheanna a d'fhéadfaí a thabhairt do dhuine atá tinn?

Cuid a hOcht

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a deir Aoife leis an mBráthair Macha?

An gcreideann sé Aoife agus Éanna?

Cad a dhéanann Aoife? (lch. 40)

Le plé sa rang:

Conas mar a bhraith tú agus tú ag léamh an phíosa seo den scéal? Cén bealach, nó stíl, atá ag an údar chun teannas agus atmaisféar a chruthú don léitheoir?

Cuid a Naoi

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad é an míniú atá ag Aoife agus Éanna ar an teorainn idir an t-am seo agus an todhchaí?

Cad a dhéanann siad an oíche sin? Cén chríoch atá leis an eachtra?

An gcreideann an Bráthair Liam iad?

Cad a dhéanfaidh na manaigh Oíche Shamhna? Cén fáth?

Le plé sa rang:

'Chuala Aoife liú fíochmhar na Lochlannach agus iad ag déanamh ar an mainistir'. Cad a dhéanfá féin sa chás seo?

Cuid a Deich

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a dhéanann Aoife agus Éanna?

Cad a tharlaíonn agus iad ag iarraidh éalú ó na Lochlannaigh?

Le plé sa rang:

Tá an-chuid eachtraíochta sa chuid seo den scéal agus Aoife agus Éanna ag iarraidh éalú ó na Lochlannaigh. Ar thaitin an chuid seo den scéal leat? Cad iad na mothúcháin a bhraith tú agus tú ag léamh?

Cuid a hAon Déag

Cúpla ceist faoin téacs:

Cá háit a dhúisíonn Aoife? Cé atá os a comhair amach?

Insíonn Aoife an scéal dá máthair agus taispeánann sí an phluais agus Lámhscríbhinn Uí Néill di. Cad é an fhianaise atá ag Aoife gur tháinig Éanna slán?

Tá taighde agus tionscadal staire le déanamh ag Aoife agus a máthair. An ndearna tusa tionscadal staire riamh agus má rinne, cén t-ábhar taighde a bhí agat?

Le plé sa rang:

Ar chreid tú an draíocht a bhain leis an scéal seo? Ar thaitin an t-amthaisteal leat?

An dtaitníonn scéalta den chineál seo leat? An bhfuil scéalta nó scannáin eile feicthe agat (Gaeilge, Béarla, teanga eile) ina dtarlaíonn a leithéid d'amthaisteal? Cad iad?

Sa Seomra Ranga

1. **Léigh siar agus tarraing** pictiúr de na carachtair éagsúla atá sa scéal – Aoife, Éanna, an Bráthair Liam agus na manaigh.
2. **Machnamh agus Plé** An bhfuil scéalta eile faoi na Lochlannaigh cloiste agat? Cad as ar tháinig na Lochlannaigh agus cad a bhí ar siúl acu in Éirinn?
3. **An pictiúr ar an gclúdach** Ar thaitin an pictiúr ar an gclúdach leat? Déan iarracht clúdach eile a dhearadh le haghaidh an scéil seo.

4. **Taighde agus Tionscnamh** Déan taighde ar do cheantar féin nó ar thionchar na Lochlannach ar logainmneacha na hÉireann
5. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Aoife; scríobh cur síos ar an mainistir agus ar an eispéireas a bhí agat agus tú ag taisteal siar in am. Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
6. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Éanna; scríobh cur síos ar an lá a bhí agat nuair a chas tú le hAoife. Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
7. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh an comhrá a bheidh idir Aoife agus Ruadhán nuair a inseoidh sí dó céard a tharla di agus í imithe siar in am.
8. **Amthaisteal** An bhfuil tréimhse faoi leith staire ar mhaith leat taisteal siar chuici? Cén fáth? An mbeadh eagla ort agus tú ag taisteal in am? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le hamthaisteal, dar leat?